Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15648/17**

**CT 160**
**ENFOPOL 614**
**COTER 159**
**COSI 328**
**PROCIV 116**
**JAI 1194**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Nollaig 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14755/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le freagairt an Aontais Eorpaigh ar rioscaí a bhaineann le CBRN a neartú, rochtain ar réamhtheachtaithe pléascán a laghdú agus spásanna poiblí a chosaint<br>- Conclúidí ón gComhairle (7 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le freagairt an Aontais Eorpaigh ar rioscaí a bhaineann le CBRN a neartú, rochtain ar réamhtheachtaithe pléascán a laghdú agus spásanna poiblí a chosaint, a ghlac an Chomhairle ag an 3584ú cruinniú a bhí aici ar an 7 Nollaig 2017.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**MAIDIR LE**

**FREAGAIRT AN AONTAIS EORPAIGH AR RIOSCAÍ A BHAINEANN LE CBRN A NEARTÚ, ROCHTAIN AR RÉAMHTHEACHTAITHE PLÉASCÁN A LAGHDÚ AGUS SPÁSANNA POIBLÍ A CHOSAINT.**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG CUR IN IÚL GUR CÚIS IMNÍ DI ionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla san Eoraip le déanaí.

AITHNÍONN SÍ a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar chosaint spásanna poiblí[1]; ullmhacht i gcoinne rioscaí slándála ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN)[2]; agus a riachtanaí atá sé céimeanna breise a thabhairt isteach chun mí-úsáid réamhtheachtaithe pléascán a chosc[3].

IS DÍOL SÁSAIMH DI na tograí ón gCoimisiún maidir leis na hábhair seo atá ceaptha le tacú leis na Ballstáit saoránaigh a chosaint ar bhealach níos fearr ó bhagairtí sceimhlitheoireachta agus Eoraip a chosnaíonn a bhunú.

AITHNÍONN SÍ cineál cuimsitheach na bpleananna gníomhaíochta maidir le deiseanna a chur ar fáil do Bhallstáit chun a gcuid cosanta agus ullmhachta i gcoinne bagairtí atá ag teacht chun cinn a neartú trí rannpháirtíocht dheonach i sraith tionscnamh a aithníonn gurb iad na Ballstáit amháin atá freagrach as an tslándáil náisiúnta agus atá ceaptha le tacú leis na Ballstáit.

[1] 13489/17
[2] 13484/17
[3] 13721/17

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN tuarascáil a thabhairt go tráthrialta do chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, lena n-áirítear an Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) maidir leis an dul chun cinn a rinneadh le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta maidir le spásanna poiblí a chosaint, an phlean gníomhaíochta maidir le CBRN agus an moladh maidir le céimeanna láithreacha a ghlacadh chun mí-úsáid réamhtheachtaithe pléascán a chosc, a áirítear sa phacáiste frithsceimhlitheoireachta.

*Spásanna poiblí a chosaint*

AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2012 maidir le spriocanna lagchosanta a chosaint ó ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta[4], a bhí ina gcéad chéim ar leibhéal an Aontais slándáil in áiteanna poiblí a fheabhsú tuilleadh;

AG FÉACHAINT do na conclúidí ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 maidir leis an athbhreithniú meántéarmach ar an straitéis athnuaite slándála inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020[5], i ngeall ar an ngá le teacht aniar an Aontais a threisiú i réimsí amhail cosaint spásanna poiblí;

AG CUR IN IÚL GUR CÚIS IMNÍ DI na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí a bhí dírithe ar spásanna oscailte, poiblí;

IS DÍOL SÁSAIMH DI an plean gníomhaíochta chun feabhas a chur ar chosaint spásanna poiblí agus tacaíonn sí leis an gcur chuige cuimsitheach ann.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

rannchuidiú le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta maidir le cosaint spásanna poiblí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

– páirt a ghlacadh sna fóraim éagsúla atá á mbunú ag an gCoimisiún, d'fhonn faisnéis, dea-chleachtas agus ceachtanna a foghlaimíodh a mhalartú;

– rannchuidiú le forbairt ábhar treorach breise ar leibhéal an Aontais;

– páirt a ghlacadh in idirphlé le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla chomh maith le geallsealbhóirí príobháideacha.

[4] 14591/12
[5] 13319/17

*Ullmhacht i gcoinne CBRN*

AG MEABHRÚ DI an chéad phlean gníomhaíochtaí CBRN de chuid an Aontais[6], a d'fhormheas an Chomhairle ina cuid conclúidí an 1 Nollaig 2009, ina ndíríodh ar an bhagairt agus ar an damáiste de thoradh teagmhas CBRN a laghdú, bunaithe ar chur chuige uile-ghuaiseacha, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta.

AG CUR SAN ÁIREAMH DI gur spreagadh cur chuige níos straitéisí ina dtugtar tús áite do laghdú na bagartha agus an damáiste de thoradh teagmhas CBRN sna conclúidí ón gComhairle 2012 maidir le clár oibre nua CBRN-E de chuid an Aontais[7], agus a forbraíodh leis an teachtaireacht ón gCoimisiún ina dhiaidh sin in 2014 i ndáil le cur chuige nua maidir le rioscaí CBRN-E a bhrath agus a mhaolú[8].

AG AITHINT DI, cé go meastar go bhfuil dóchúlacht íseal ionsaithe CBRN ann, d'fhéadfadh teagmhais den sórt sin tionchar suntasach a bheith acu ar ár sochaithe agus ar ár ngeilleagair.

AG CUR I dTREIS go bhfuil gá le gníomhaíocht mar gheall ar an mbagairt atá ag athrú de shíor agus le hullmhacht níos fearr freisin i gcoinne ionsaithe sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith ann le hábhair CBRN.

AG LEAGAN BÉIME ar a thábhachtaí atá sé dul chun cinn a bhaint amach maidir leis na gníomhaíochtaí a sainaithníodh sa phlean gníomhaíochta CBRN, ina ndírítear ar an méid a leanas:

– rochtain ar ábhair CBRN san Aontas Eorpach a laghdú;

– ullmhacht agus freagairt níos fearr ar theagmhais CBRN a áirithiú;

– naisc inmheánacha-seachtracha níos láidre a thógáil agus rannpháirtíocht níos mó le príomh-chomhpháirtnéirí idirnáisiúnta a dhéanamh maidir le slándáil CBRN; agus

– eolas an Aontais maidir le rioscaí CBRN a chur chun cinn agus a fheabhsú trí líonra slándála CBRN AE a chruthú, mar aon le taighde slándála an Aontais a úsáid ar bhealach níos fearr chun tacú le riachtanais sa réimse seo.

---

6 15505/1/09 REV 1

7 16980/12

8 9550/14 (COM(2014) 247)

IS DÍOL SÁSAIMH DI neartú Europol (ECTC) i réimse na sceimhlitheoireachta CBRN trí mhol feasachta maidir le CBRN laistigh den ECTC agus CUIREANN SÍ I dTREIS á thábhachtaí atá gníomhaíochtaí anailíseacha, gníomhaíochtaí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí eile Europol sa réimse CBRN.

MEABHRAÍONN SÍ DI an gá le cistiú leordhóthanach a áirithiú i ndáil le forbairt agus oibriú an mhol faisnéise laistigh den ECTC agus seirbhísí tacaíochta eile a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don ECTC.

CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá cur chuige trasearnálach i ndáil le hoiliúint agus comhar agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí chun taighde ar bhagairtí a bhaineann le CBRN a leathnú tuilleadh.

SPREAGANN SÍ NA BALLSTÁIT rannchuidiú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a mholtar sa phlean gníomhaíochta CBRN agus páirt ghníomhach a ghlacadh i líonra slándála CBRN an Aontais atá á bhunú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN an obair chun é a chur chun feidhme ina iomláine faoi dheireadh 2019 a éascú agus chun tuarascáil ar dhul chun cinn a thabhairt go rialta do na comhlachtaí Comhairle iomchuí.

*Mí-úsáid réamhtheachtaithe pléascán a chosc*

AG MEABHRÚ DI an Rialachán maidir le réamhtheachtaithe pléascán an 15 Eanáir 2013[9], lenar bunaíodh rialacha comhchuibhithe maidir le cur ar fáil, tabhairt isteach, seilbh agus úsáid substaintí nó meascáin a d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun pléascáin a mhonarú go neamhdhleathach.

AG CUR SAN ÁIREAMH gurbh é conclúid na tuarascála ón gCoimisiún i mí Feabhra 2017[10] maidir le cur i bhfeidhm an rialacháin gur cheart athruithe ar an rialachán a mhachnamh d'fhonn cur le cumas na gcomhlachtaí ar fad a bhfuil baint acu le cur chun feidhme agus forfheidhmiú na srianta agus rialuithe, ós rud é go bhfuil táirgeadh pléascán ó shubstaintí réamhtheachtacha fós ina *modus operandi* sceimhlitheoireachta den chéad tosaíocht agus go bhfuil treoir maidir le pléascáin bhaile a mhonarú ar fáil fós ar an idirlíon.

---

[9] Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán (IO L 39, 9.2.2013, lch. 1)

[10] COM(2017) 103 final

AG CUR I dTREIS DI a thábhachtaí atá sé tabhairt isteach réamhtheachtaithe pléascán san Aontas ó thríú tíortha a sheachaint agus ról oibríochtúil na n-údarás custaim a neartú agus malartú córasach faisnéise A NEARTÚ faoi chuimsiú an chreata dhlíthiúil atá ann cheana.

AG AITHINT DI an dul chun cinn a rinne Ballstáit go dtí seo maidir le cur chun feidhme Rialachán Uimh 98/2013 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán,
IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCoimisiún maidir le céimeanna láithreacha chun mí-úsáid réamhtheachtaithe pléascán a chosc mar thacar beart a d'fhéadfadh cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh 98/2013 a neartú go suntasach agus an bhagairt ó phléascáin bhaile san Aontas a laghdú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

– Plé a éascú laistigh den Bhuanchoiste um Réamhtheachtaithe, lena n-áirítear maidir le substaintí malartacha a úsáid tuilleadh, sainmhíniú ar úsáideoir gairmiúil agus sainmhíniú ar na córais chigireachta agus cineál na gcóras cigireachta.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

– beart a dhéanamh chun cloí leis na moltaí agus chun tuairisciú don Choimisiún maidir le héifeachtacht a dtoirmisc, a gcuid córas ceadúnúcháin nó cláraithe, chun feasacht a mhúscailt faoi na rioscaí agus na freagrachtaí a bhaineann leis an mbagairt seo i measc na n-oibreoirí eacnamaíocha ar fad, chun teorainn a chur le hinfhaighteacht na réamhtheachtaithe pléascáin don phobal i gcoitinne, an comhar a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus páirt réamhghníomhach a ghlacadh le slabhra an tsoláthair, agus rialú níos éifeachtaí a chothú trí fhorfheidhmiú feabhsaithe.